

Leag amach Sársheomra Ranga

Dún do shúile ar feadh nóiméid agus samhlaigh go bhfuil tú sa seomra ranga is fearr ar domhan. B'fhéidir go gcabhródh sé leat iarracht a dhéanamh na ceistanna seo a fhreagairt:

- Cén leagan amach a bheadh ar an seomra ranga sin – cathaoireacha, boird etc?
- Cad a bheadh ar crochadh ar na ballaí?
- Céard faoi leabhair, ábhair ealaíne, cláir bhána, ríomhairí/táibléad etc?
- Cé hiad na daoine a bheadh sa sársheomra ranga, agus cad a bheadh á dhéanamh acu?
- Cad ba mhaith leat foghlaim faoi sa sársheomra ranga, agus cén chaoi a ndéanfaí an fhoghlaim sin (conas a thabharfaí fúithi)?
- Cad a bheadh ag tarlú taobh amuigh d'fhuinneoga nó doirse an tseomra ranga?

Úsáid do chuid smaointe mar spreagadh chun sársheomra ranga a leagan amach trí cheann de na rudaí seo a leanas, nó cuid acu, a dhéanamh:

- Pictiúr a tharraingt
- Pictiúr a phéinteáil
- Samhail a dhéanamh as cairtchláir, cré nó taos súgartha
- Colláis a dhéanamh as sean-irisí, nuachtáin nó aon rud eile is féidir leat a fháil

Agus sársheomra ranga á leagan amach agat, fiafraigh díot féin arb é an cineál céanna seomra a shamhlódh na daltaí i mBunscoil Guava.

Anois, scríobh míniú gearr ar an gcaoi a bhféadfadh do shársheomra ranga cabhrú leat féin agus le páistí eile oideachas maith (ar ardchaighdeán) a fháil.

Taispeáin do sheomra ranga críochnaithe agus míniú air do do theaghlach agus iarr orthu dhá réalta a thabhairt duit (as ucht dhá rud a ndearna tú jab maith orthu) agus mian amháin a lua leat (rud amháin a bhféadfá cur leis nó feabhas a chuir air, b'fhéidir).

